

TREOIRLÍNTE UM FHOILSIÚ TUAIRISCÍ CIGIREACHTA SCOILE

FEABHRA 2015



A N R O I N N | D E P A R T M E N T O F
O I D E A C H A I S | E D U C A T I O N
A G U S S C I L E A N N A | A N D S K I L L S

AN CHIGIREACHT

Clár

1. Réamhrá

- 1.1 An cuspóir atá le cigireacht scoile
- 1.2 Cén fáth a bhfoilseofaí tuairiscí cigireachta?
- 1.3 Cad iad na tuairiscí a fhoilsítear?
- 1.4 Cad iad na tuairiscí nach bhfoilsítear?
- 1.5 An áirítear sonraí measúnachta daltaí/scoláirí sna tuairiscí?
- 1.6 Na Treoirlínte seo a fhorbairt agus a athbhreithniú

2. Prionsabail Ghinearálta

- 2.1 Cód Cleachtais don Chigireacht
- 2.2 Próiseas na cigireachta
- 2.3 Próiseas an fhoilsithe
- 2.4 Na tuairiscí foilsithe

3. Próiseas an fhoilsithe

- 3.1 An tuairisc chigireachta a ullmhú
- 3.2 Dréacht-thuairisc chigireachta eisithe i gcomhair dearbhú fíricí
- 3.3 Tuairisc chigireachta atá curtha i gcrích eisithe chuig an scoil
- 3.4 Freagra na scoile: Roghanna atá ar fáil don bhord bainistíochta agus do mhúinteoirí
- 3.5 Cuspóir agus ábhar fhreagra na scoile
- 3.6 Foilsíú
- 3.7 Gan aon fhreagra
- 3.8 Scoileanna atá faoi choimirce Bord Oideachais agus Oiliúna
- 3.9 Iarratais ar bhreis ama

Aguisín 1: Foirm dhearbhaithe fíricí na tuairisce cigireachta

Aguisín 2: Foirm fhreagartha na scoile don tuairisc chigireachta

1. Réamhrá

1.1 An cuspóir atá le cigireacht scoile

Cuidíonn cigireacht agus meastóireacht scoile go mór le cothú na cáilíochta sa taithí oideachais a fhaigheann daltaí/scoláirí sa bhunoideachas agus san iar-bhunoideachas. Tacaíonn meastóireacht sheachtrach ag cigirí le hiarrachtaí leanúnacha na scoileanna agus na lárionad oideachais¹ ar a gcuid oibre a athbhreithniú agus a fheabhsú. Le linn na meastóireachta is mian leis na cigirí

- dea-chleachtas i scoileanna a ainmniú, a aithint, agus a dhearbhu
- feabhas leanúnach i gcaighdeán an oideachais a sholáthraíonn scoileanna a chothú
- féinmeastóireacht agus forbairt leanúnach ag scoileanna agus a bhfoirne a chothú
- dearbhú cáilíochta a sholáthar maidir leis an gcóras oideachais ina iomláine, bunaithe ar bhailiúchán sonraí atá oibiachtúil, iontaofa, agus d'ardchaighdeán.

Tá páirt thábhachtach sa phróiseas seo ag na tuairiscí a eascraíonn as meastóireacht na Cigireachta, agus tugann siad eolas luachmhar ar scoileanna agus lárionaid oideachais. Cuireann na tuairiscí cigireachta san áireamh an comhthéacs ina bhfuil scoileanna ag feidhmiú, agus tá cuntais chothroma iontu ar na buanna agus ar na réimsí forbartha a aithníonn na cigirí.

Leagann na treoirlínte seo amach na prionsabail ghinearálta agus na nósanna imeachta a chuirtear i bhfeidhm agus tuairiscí scoile á bhfoilsíú ag an gCigireacht.

1.2 Cén fáth a bhfoilseofaí tuairiscí cigireachta?

Leagann an tAcht Oideachais, 1998, dualgas ar chigirí torthaí a gcuid meastóireachta ar scoileanna agus ar lárionaid oideachais a thuairisciú do mhúinteoirí², do thuismitheoirí, do phátrúin na scoile agus don Aire Oideachais agus Scileanna. Mar thoradh ar fhoilsiú tuairiscí cigireachta scoile, bíonn cinntí agus moltaí na gcigireachtaí ar fáil do bhaill uile phobal na scoile agus don phobal i gcoitinne. Cuireann na tuairiscí foinse thábhachtach eolais amháin faoi obair scoileanna ar fáil agus de bhrí go gcuirtear ar fáil don phobal iad, cuireann siad go mór le caighdeán na scoileanna agus le caighdeán an tsoláthair oideachais.

¹ Forálann Alt 13 den Acht Oideachais, 1998, go gcomhlíonann an Chigireacht a feidhmeanna meastóireachta agus comhairliúcháin agus a feidhmeanna eile i scoileanna agus i lárionaid oideachais. I ngach cás sna treoirlínte seo tagraíonn an focal “scoil” do scoileanna agus do lárionaid oideachais.

² Sa doiciméad seo, cuimsíonn an focal ‘múinteoir’ príomhoidí, príomhoidí tánaisteacha agus múinteoirí.

Agus tuairiscí cigireachta scoile á bhfoilsíú féachann an Chigireacht

- le dea-chleachtas i scoileanna a ainmniú, a aithint, agus a dhearbhu
- le dearbhú cáilíochta a sholáthar sa chóras oideachais
- le réimsí d'fhorbairt a aithint agus cur le fíorfheabhas i scoileanna
- le scoileanna a spreagadh chun féin-athbhreithniú agus forbairt a dhéanamh
- le scaipeadh níos leithne ar dhea-chleachtas sna scoileanna agus i measc scoileanna a chinntiú
- le heolas údarásach cothrom a sholáthar ar éifeachtacht scoileanna
- le heolas luachmhar a sholáthar do thuismitheoirí, d'ábhair tuismitheoirí, agus do dhaltaí/scoláirí
- le tuilleadh freagrachta agus trédhearcachta a chothú.

1.3 Cad iad na tuairiscí a fhoilsítear?

Tá clár ginearálta cigireachta do scoileanna agus do lárionaid oideachais á fheidhmiú ag an gCigireacht. Déantar an mheastóireacht seo de réir an *Chóid Chleachtais don Chigireacht (2015)* agus de réir na socrúithe a ndéantar cur síos orthu sna treoirlínte atá foilsithe do gach cineál cigireachta.

Déantar na tuairiscí ginearálta cigireachta seo do scoileanna a fhoilsíú de réir na bprionsabal agus na nósanna imeachta a ndéantar cur síos orthu sna treoirlínte seo agus ag teacht leis na rialacháin a rinne an tAire Oideachais agus Scileanna.³ Tugann an próiseas foilsithe cothrom na Féinne idir ceart príobháideachais an duine aonair ar lámh amháin, agus an ceart atá ag tuismitheoirí agus ag an bpobal i gcoitinne eolas a fháil a bhaineann le feidhmiú agus éifeachtacht scoileanna agus ionaid oideachais a bhfuil maoiniú poiblí á fháil acu.

Eisítear na tuairiscí i ndiaidh na gcigireachtaí seo i bhfoirmeacha éagsúla, ina measc:

³ Is é teideal na rialachán: *Rialacháin 2015 um Acht Oideachais 1998 (Foilsíú Tuairiscí Cigireachta ar Scoileanna agus ar Lárionaid Oideachais)*

- tuairiscí ag eascairt as cineálacha cigireachta scoile uile agus lárionaid uile, mar shampla, Meastóireacht Scoile Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim (MSU-BCF)
- tuairiscí ag éirí as cigireacht ar sholáthar curaclaim, soláthar ábhar agus soláthar clár i scoileanna agus i lárionaid oideachais, mar shampla tuairiscí ar Ghairmchlár na hArdteistiméireachta
- tuairiscí ag éirí as cigireacht théamach i scoileanna agus i lárionaid oideachais, mar shampla *Ag breathnú ar Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte in Iar-Bhunscoileanna (2013)*
- tuairiscí ag éirí as cigireacht chun monatóireacht a dhéanamh ar mholtaí i dtuairiscí cigireachta roimhe sin
- tuairiscí ag éirí as cigireacht ar scoileanna speisialta atá ceangailte le hAonaid Ardtacaíochta, Aonaid Chúraim Speisialta agus Lárionaid Choinneála Leanaí.

Déanann na cigireachtaí seo meastóireacht, de réir mar is cuí, ar obair na scoile ina hiomláine nó ar obair na scoile i soláthar réimse den churaclam. Tá meastóireacht na cigireachta bunaithe ní hamháin ar scrúdú ar obair múinteoir ar leith nó obair grúpa múinteoirí ach ar chaighdeán an oideachais a chuireann an múinteoir nó na múinteoirí agus an bord bainistíochta ar fáil, agus ar an gcaighdeán foghlama a bhaineann na daltaí/scoláirí amach. Tugann na tuairiscí cur síos ar ghnéithe ar nós cháilíocht na bainistíochta, na pleanála agus an fhéin-athbhreithnithe sa scoil mar aon le cáilíocht na tacaíochta do dhaltaí/scoláirí. Tugann cinntí na meastóireachta sa tuairisc aird ar an gcomhthéacs ina bhfuil an scoil, nó an fhoireann ábhair, nó an múinteoir nó na múinteoirí ábhair sa scoil ag feidhmiú.

Foilsítear na tuairiscí ar fad den sórt a luaitear thuas ina n-iomláine. Ní ainmnítear, áfach, múinteoirí ar leith, comhaltaí de bhoird bhainistíochta ná cigirí sna tuairiscí.

1.4 Cad iad na tuairiscí nach bhfoilsítear?

Ní bhaineann na nósanna imeachta maidir le foilsiú tuairiscí a ndéantar cur síos orthu sna treoirlínte seo le tuairiscí cigireachta atá lasmuigh den chlár ginearálta cigireachta i gcomhair scoileanna agus lárionaid oideachais. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, nach mbaineann na treoirlínte le tuairiscí a eascraíonn as:

- cigireacht a rinneadh ar mhaithe le taighde agus le forbairt agus tástáil a dhéanamh ar chleachtais nua cigireachta i scoileanna agus i lárionaid oideachais
- cigireacht a rinneadh ar mhaithe le measúnacht a dhéanamh ar mhúinteoir aonair maidir le feidhmiú a c(h)uid dualgas

- gearán ó dhalta/scoláire, nó gearán óna thuismitheoir nó a thuismitheoir, a bhaineann le scoil an dhalta/scoláire
- obair a stiúradh ar mhaithe le measúnacht a dhéanamh ar an méid soláthar scoile i gceantar nó ar an éileamh tuartha ar sholáthar scoile i gceantar, nó obair a bhaineann le hiarratas scoile ar aitheantas ón Roinn
- cigireachtaí ar deimhin leis an bPríomhchigire go bhféadfaí a thuar le réasún go ndéanfadh foilsiú na tuairisce cigireachta dochar d'éifeachtacht trialacha, scrúduithe, imscrúduithe nó iniúchtaí a bheadh á stiúradh ag an Aire, thar ceann an Aire, ag comhlacht poiblí eile, nó thar ceann comhlachta poiblí
- imthosca ina mbeadh an tuairisc díolmhaithe óna soláthar in imeachtaí cúirte ar fhoras pribhléide gairmiúla dlíodóra nó gur díspeagadh cúirte a bheadh mar thoradh ar a foilsiú.

1.5 An áirítear sonraí measúnachta daltaí/scoláirí sna tuairiscí?

Agus obair na scoile á meas acu, baineann na cigirí feidhm as réimse leathan fianaise, lena n-áirítear eolas mar thorthaí na ndaltaí/scoláirí i dtrialacha caighdeánaithe, torthaí na ndaltaí/scoláirí i scrúduithe stáit, agus rátaí coinneála na ndaltaí/scoláirí. Tugann alt 53 den Acht Oideachais cead don Aire Oideachais agus Scileanna diúltú sonraí a fhoilsiú a chuideodh le tiomsú táblaí comparáide maidir le gnóthachtáil acadúil na ndaltaí/scoláirí atá cláraithe i scoileanna. Tá sé deimhnithe ag an Aire go bhfuil sí i gcoinne foilsiú “táblaí sraithe” bunaithe ar shonraí a d’eascair as scrúduithe nó trialacha. Cloífidh foilsiú tuairiscí scoile le cinntí an Aire maidir leis seo.

1.6 Na Treoirí seo a fhorbairt agus a athbhreithniú

Tá foilsiú tuairiscí cigireachta ag teacht leis na forálacha atá sna rialacháin a rinne an tAire Oideachais agus Scileanna dar teideal Rialacháin 2015 um Acht Oideachais 1998 (Foilsiú Tuairiscí Cigireachta ar Scoileanna agus ar Lárionaid Oideachais). Faoi na rialacháin seo, foilsítear tuairiscí cigireachta a tosaíodh ar nó i ndiaidh 6 Feabhra 2006

Forbraíodh na rialacháin agus na treoirí i ndiaidh mionchomhairliúcháin leis na comhpháirtithe oideachais faoi mar a cheanglaítear faoi Alt 13(8) agus Alt 33 den Acht Oideachais 1998, lena n-áirítear ionadaithe ó chomhlachtaí bainistíochta scoile, múinteoirí agus daltaí/scoláirí agus réimse de chomhlachtaí eile lena mbímid ag obair agus ag comhoibriú.

Tagann an t-eagrán seo de na treoirí in ionad leagan níos sine de na treoirí a foilsíodh in 2006 agus atá aistarraingthe agus tá sé i bhfeidhm do gach cigireacht a thosaíonn ar nó tar éis 01 Meán Fómhair 2015.

Tá an Chigireacht tiomanta d'athbhreithniú a dhéanamh ar na treoirlínte seo ó am go ham i ndiaidh comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara ábhartha agus i bhfianaise na n-athruithe a d'fhéadfadh teacht ar an reachtaíocht agus/ar fhorbairt an deachleachtais i seirbhísí poiblí.

2. Prionsabail Ghinearálta

2.1 Cód Cleachtais don Chigireacht

Leagtar amach na prionsabail ghinearálta do chigirí agus iad i mbun phróiseas na meastóireachta agus na tuairiscithe sa *Chód Cleachtais don Chigireacht (2014)*. Tugann an cód treoir maidir le caidreamh gairmiúil a choinneáil le pobal na scoile agus maidir leis na caighdeáin a bhaineann le nósanna imeachta meastóireachta agus tuairiscithe. Tá cóipeanna den chód le fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna (www.education.ie).

2.2 Próiseas na cigireachta

Agus cigireachtaí ar siúl acu, tá sé d'aidhm ag an gCigireacht a chinntiú

- go bhfuil próiseas agus torthaí na cigireachta soiléir agus oscailte d'iniúchadh agus do chuntasacht
- go bhfuil tuairiscí agus aiseolas ó bhéal glan soiléir agus go dtugann siad an leibhéal ceart mioneolais i gcomhair cinnteoireachta do bhoird bhainistíochta, múinteoirí, foghlaimeoirí, cumainn tuismitheoirí agus eile.
- go scríobhtar tuairiscí i bpríomhtheanga na scoile (Gaeilge nó Béarla) agus go bhfoilsítear aistriúcháin chun an rochtain is fearr is féidir ar na tuairiscí a chinntiú.⁴
- go bhfuil tuairiscí cruinn agus go dtugann siad eolas cóir cothrom a chuideoidh le húsáideoirí an t-eolas a úsáid go muiníneach.

Tá cur síos ar an mbealach a ndéantar gach cineál cigireachta (mar mheastóireacht scoile uile, cigireacht ábhair, srl) i dtreoirlínte nó i rialacháin faoi leith agus tá siad ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna nó ón gCigireacht.

⁴ De ghnáth, nuair is í an Ghaeilge príomhtheanga teagaisc na scoile, scríobhtar gach mír de na tuairiscí cigireachta, seachas na míreanna nó na tuairiscí ar mhúineadh an Bhéarla, i nGaeilge; ar an dóigh chéanna, áit arb é an Béarla an príomhtheanga teagaisc, scríobhtar gach mír de na tuairiscí cigireachta, seachas iad siúd ar mhúineadh na Gaeilge, i mBéarla. Chun an rochtain is fearr ar thuairiscí a chinntiú, foilsítear aistriúcháin Béarla de gach tuairisc a scríobhadh i nGaeilge. Ar an dóigh chéanna, foilsítear leagan Gaeilge de gach mír de thuairiscí a scríobhadh i mBéarla do scoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar phríomhtheanga teagaisc. Chomh maith leis sin, is féidir le bord bainistíochta a iarraidh go mbeadh aistriúcháin chuig ceachtar den dá theanga ar fáil dó.

2.3 Próiseas an fhoilsithe

Nuair a bhíonn tuairiscí cigireachta á bhfoilsíú, tá sé curtha rompu ag an gCigireacht a chinntiú

- go gcuirfear in iúl do na boird bhainistíochta, na múinteoirí, príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna (nuair is cuí) agus cumainn tuismitheoirí, sula dtosaíonn an próiseas cigireachta, go bhfuiltear chun an tuairisc dheiridh a fhoilsíú
- go bhfuil sé de cheart ag bord bainistíochta na scoile freagra scríofa a thabhairt ar an tuairisc chigireachta sula bhfoilseofar í, laistigh de na treoirlínte agus den tréimhse ama atá comhaontaithe
- go bhfoilseofar freagra na scoile, má chuireann an bord bainistíochta ar fáil é, in éineacht leis an mbuntuirisc de ghnáth.

2.4 Na tuairiscí foilsithe

Is mian leis an gCigireacht a chinntiú go mbeidh na tuairiscí a fhoilsítear

- le fáil: Scaipfear na tuairiscí trí mheán a shroicheann an leibhéal is mó fála don phobal. Foilseofar tuairiscí ar shuíomh gréasáin na Roinne.
- iomlán: Foilseofar an tuairisc iomlán chun cothromas agus cruinneas a choinneáil agus chun go spreagfaí léamh na tuairisce ina hiomláine.
- tráthúil: Beidh an tuairisc a fhoilseofar ar fáil faoi réir sceideal ama a shocrófar.

3. Próiseas an fhoilsithe

3.1 An tuairisc chigireachta a ullmhú

Déantar an tuairisc chigireachta a ullmhú i ndiaidh don obair mheastóireachta sa scoil a bheith curtha i gcrích. De ghnáth, críochnaíonn an obair mheastóireachta sa scoil le haiseolas ó bhéal maidir leis na cinntí agus na moltaí a eascraíonn as an gcigireacht. D'fhéadfaí an t-aiseolas sin a sholáthar don fhoireann sa scoil, agus/nó don phríomhoide, agus/nó don bhord agus ionadaithe chumann na dtuismitheoirí ag brath ar an gcineál cigireachta a rinneadh.

Ansin cuirfidh an Chigireacht críoch le dréacht den tuairisc scoile. Cuirfear gnáthmheicníocht na Cigireachta i gcomhair ráthú caighdeáin i bhfeidhm ar an dréacht-thuairisc.

3.2 Dréacht-thuairisc chigireachta eisithe i gcomhair dearbhú fíricí

Seolann Rúnaíocht na Cigireachta cóip den dréacht-thuairisc chigireachta maille le foirm dhearbhaithe fíricí (féach aguisín 1) chuig príomhoide na scoile, chuig cathaoirleach an bhoird bhainisteoireachta, agus chuig an bpríomhfheidhmeannach⁵ i gcás scoileanna atá á riar ag Bord Oideachais agus Oiliúna.

Iarrfar ar an bpríomhoide agus ar an gcathaoirleach aird na Cigireachta a tharraingt ar aon earráidí i bhfíricí na tuairisce agus feidhm a bhaint as an bhfoirm dhearbhaithe fíricí chuige sin. Seolfaidh an príomhoide⁶ agus/nó cathaoirleach an bhoird bhainistíochta⁷ an fhoirm/na foirmeacha ar ais chuig Rúnaíocht na Cigireachta laistigh de **chúig lá scoile** ón dáta a eisítear an tuairisc. Chomh maith leis sin, iarrtar ar an scoil pátrún/iontaobhaithe na scoile a liostú agus seoltaí ríomhphoist a sholáthar dóibh ar fad. Is ar mhaithe le heisiúint na dréacht-thuairisce i gcomhair Freagra Scoile a éascú a dhéantar é sin.

Nuair a gheobhaidh Rúnaíocht na Cigireachta an fhoirm/na foirmeacha dearbhaithe fíricí ar ais ón bpríomhoide nó ón gcathaoirleach cuirfear í/iad faoi bhráid an chigire tuairiscithe agus an phríomhchigire cúnata chúí. Má bhíonn aird na Cigireachta dírithe ar earráidí i bhfíricí leasófar an tuairisc, de réir mar is gá, laistigh de chúig lá oibre, de ghnáth.

⁵ Is féidir le príomhfheidhmeannach an Bhoird Oideachais agus Oiliúna oifigeach eile a ainmniú chun tabhairt faoi dhualgais an phríomhfheidhmeannaigh faoi mar a chuirtear síos orthu i míreanna 3.1 go 3.9 de na treoirí seo.

⁶ Má bhíonn an príomhoide as láthair, is féidir leis an bpríomhoide tánaisteach nó an príomhoide gníomhach a chuid nó a cuid dualgas a chomhlíonadh, faoi mar a chuirtear síos orthu i míreanna 3.1 go dtí 3.7 go huile de na treoirí seo.

⁷ Má bhíonn cathaoirleach an bhoird bhainistíochta as láthair, is féidir leis an gcathaoirleach a chuid nó a cuid dualgas a chomhlíonadh, faoi mar a chuirtear síos orthu i míreanna 3.1 go dtí 3.7 go huile de na treoirí seo.

Mura bhfaightear aon fhreagra maidir le dearbhú fíricí laistigh de chúig lá scoile ón dáta a n-eisítear an tuairisc, glactar leis go bhfuil an scoil sásta go bhfuil an tuairisc chruinn. Ansin ullmhaítear an tuairisc lena heisiúint chun na scoile le haghaidh freagra na scoile.

3.3 Tuairisc chigireachta atá curtha i gcrích eisithe chuig an scoil

Seolann Rúnaíocht na Cigireachta cóip den tuairisc chuig príomhoide na scoile, ar ríomhphost, chuig cathaoirleach bhord bainistíochta na scoile, agus pátrún/iontaobhaithe na scoile lena n-áirítear an príomhfheidhmeannach i gcás scoileanna atá faoi bhainistíocht Bord Oideachais agus Oiliúna.

Nuair a fhaightear an tuairisc chigireachta tabharfaidh cathaoirleach an bhoird bhainistíochta, nó duine údaraithe aige/aici cóip den tuairisc do gach duine díobh seo a leanas:

- gach múinteoir lena mbaineann an chigireacht. Mar shampla, de ghnáth tugtar cóip de thuairisc MSU do gach ball den fhoireann mhúinteoireachta, (múinteoirí a roinntear le scoileanna eile san áireamh); tugtar cóip de thuairisc chigireachta ábhair do gach múinteoir den ábhar sin agus don phríomhoide agus don phríomhoide ionaid
- gach comhalta den bhord bainistíochta
- pátrún nó iontaobhaithe na scoile.

Beidh cead ag an gcathaoirleach cóip den tuairisc a sholáthar do bhaill eile den fhoireann, mar shampla, i scoileanna speisialta, d'fhéadfaí baill d'fhoirne ildisciplíneacha atá ag obair sa scoil a chur san áireamh.

3.4 Freagra na scoile: Roghanna atá ar fáil don bhord bainistíochta agus do mhúinteoirí

Is féidir go ndéanfaí ceann ar bith de na nithe seo a leanas nuair a eisítear an tuairisc chríochnaithe chuig an bpríomhoide agus chuig cathaoirleach an bhoird bhainistíochta i gcomhair freagra scoile.

ROGHA A

Is féidir le bord bainistíochta scoile glacadh leis an tuairisc gan ráiteas a dhéanamh agus an rún sin a thabhairt le fios tríd an bhfoirm fhreagartha do thuairisc chigireachta, foirm pro forma, a

chur ar ais chuig an gCigireacht **laistigh de dheich lá scoile** ón dáta a n-eisítear an tuairisc chigireachta.

ROGHA B

Is féidir leis an mbord bainistíochta freagra foirmiúil a thabhairt ar chinntí agus ar mholtaí na tuairisce ar an *bhfoirm fhreagartha do thuairisc chigireachta*, foirm *pro forma* (féach mír 3.5 agus aguisín 2). Caithfear é seo a dhéanamh **laistigh de dheich lá scoile** ón lá a n-eisítear an tuairisc chigireachta. De ghnáth, má ghlacann an bord leis an rogha sin, cuirtear freagra na scoile san áireamh mar aguisín leis an tuairisc a fhoilsítear.

ROGHA C

Is féidir leis an mbord bainistíochta nó le haon mhúinteoir ar leith lena mbaineann an chigireacht athbhreithniú foirmiúil ar an gcigireacht a lorg faoin *Nós Imeachta Athbhreithnithe do Chigireacht ar Scoileanna agus ar Mhúinteoirí de réir Alt 13 (9) den Acht Oideachais, 1998*.

3.5 Cuspóir agus ábhar fhreagra na scoile

Tá sé mar chuspóir leis an bhfreagra scoile

- deis a thabhairt do bhord bainistíochta na scoile freagra a thabhairt agus ráitis a dhéanamh maidir le hábhar na tuairisce cigireachta
- deis a thabhairt don bhord bainistíochta cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a mbainfidh sé úsáid as an tuairisc i gcomhthéacs chlár leanúnach na scoile i gcomhair féinmheastóireachta, pleanála agus feabhsaithe. Bíonn deis ag scoil an chaoi a bhfuil féinfheabhsú agus forbairt ar siúl aici mar fhreagra ar an tuairisc a thaispeáint.

Nuair a roghnaíonn an bord bainistíochta freagra scoile a sholáthar don Chigireacht, déantar an freagra a chomhlánú trí úsáid a bhaint as an *bhfoirm fhreagartha do thuairisc chigireachta*, foirm *pro forma*, (féach aguisín 2).

- Mar threoir mholta, thart ar 500 focal san iomlán a bhíonn sa fhreagra scoile.
- Beidh srianta a bhaineann le hábhar na tuairisce cigireachta ag baint freisin leis an bhfreagra scoile. Mar shampla, ní ceadmhach daoine ar leith, ar nós múinteoirí, comhaltaí den bhord bainistíochta, nó cigirí, a ainmniú sa fhreagra scoile. Tugann an freagra scoile deis don scoil ráiteas a dhéanamh ar ábhar na tuairisce agus aird a tharraingt ar ghníomhartha leantacha a bhfuil sé ar intinn aici iad a ghlacadh (nó atá glactha cheana féin aici) i ndiaidh na tuairisce. Ní féidir tráchtanna ar an bpróiseas cigireachta a áireamh sa

fhreagra scoile. (Má tá imní ar an mbord bainistíochta [nó ar mhúinteoir] faoin gcaoi ar stiúradh an chigireacht, ba chóir dóibh an *Nós Imeachta Athbhreithnithe* a úsáid, chun a n-imní a chur in iúl don Chigireacht).

- Is é cathaoirleach an bhoird bhainistíochta a chaithfidh an freagra scoile a chur faoi bhráid na Chigireachta.
- Ach amháin i gcásanna eisceachtúla, foilseofar an freagra scoile ina iomláine, ach amháin síniú an chathaoirligh, ag an am céanna agus san fhormaid chéanna leis an tuairisc ar chigireacht scoile. Más rud é go gcinneann an Roinn, ar chúis eisceachtúil ar bith, gan an freagra scoile a fhoilsiú, cuirfidh an Chigireacht an bord bainistíochta ar an eolas faoin gcinneadh seo agus faoin bhfáth nó na fáthanna atá leis.

3.6 Foilsiú

Má ghlacann an bord bainistíochta le rogha A nó le rogha B thuas, foilsíonn an Chigireacht an tuairisc scoile ach amháin má tá rogha C glactha ag múinteoir sa scoil. De ghnáth, tarlaíonn an foilsiú laistigh de dheich lá scoile ón dáta a bhfaightear an fhoirm fhreagartha chomhlánaithe ón scoil. De ghnáth, foilsíonn an Chigireacht an freagra scoile chomh maith (más rud é gur cuireadh freagra ar fáil).

Má lorgaíonn an bord bainistíochta nó múinteoir sa scoil athbhreithniú ar an gcigireacht nó ar an tuairisc scoile (nó an dá rud) cloíonn an Chigireacht le *Nós Imeachta Athbhreithnithe do Chigireacht ar Scoileanna agus ar Mhúinteoirí de réir Alt 13 (9) den Acht Oideachais, 1998*. Ní fhoilsiú an tuairisc scoile go dtí go gcríochnaítear an t-athbhreithniú agus, más cuí, go dtí go gcuirtear i gcrích aon mholadh a thagann de bharr an athbhreithnithe. Agus an próiseas seo críochnaithe, téitear ar aghaidh le foilsiú na tuairisce deiridh chigireachta faoi réir rogha A nó B thuas.

Ar fhoilsiú na tuairisce, eisítear cóip den tuairisc chigireachta agus an freagra scoile ar ríomhphost chuig pátrún nó iontaobhaithe na scoile, chuig cathaoirleach an bhoird bhainistíochta, chuig an bpríomhoide agus an príomhfheidhmeannach (i gcás scoileanna faoi bhainistíocht Bord Oideachais agus Oiliúna), agus chuig cumann na dtuismitheoirí agus comhairle na mac léinn sa scoil (iar-bhunscoil). Foilsíonn an Chigireacht an tuairisc chigireachta agus an freagra scoile (más cuí), ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna (www.education.ie).

3.7 Gan aon fhreagra

Mura bhfaightear freagra ó bhord bainistíochta na scoile agus mura bhfuil rogha C glactha ag múinteoir laistigh den tréimhse ama (deich lá scoile ón lá a n-eisítear an tuairisc chuig an scoil)

glactar leis nach bhfuil freagra ann, agus foilsíonn an Chigireacht an tuairisc laistigh de chúig lá scoile eile.

3.8 Scoileanna atá faoi choimirce Bord Oideachais agus Oiliúna

I gcás scoileanna atá ag feidhmiú faoi údarás Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO), ba chóir dualgais an chathaoirligh agus an bhoird bhainistíochta (mar a léirítear in ailt 3.1 go dtí 3.7 go huile, de na treoirlínte seo iad) a ghlacadh i gcomhairle le príomhfheidhmeannach an BOO. Mar shampla, líonann an cathaoirleach an fhoirm dhearbhaithe fíricí i gcomhairle le príomhfheidhmeannach an BOO. Ar an gcuma chéanna, ba chóir gurb é an bord bainistíochta, i gcomhairle le príomhfheidhmeannach an BOO, a chumfadh freagra na scoile.

3.9 Iarratais ar bhreis ama

Tá sé mar chuspóir ag an bpróiseas foilsithe atá leagtha amach i mír 3 de na Treoirlínte seo an tuairisc a thabhairt chun críche gan mhoill. Féadfaidh príomhfheidhmeannach BOO nó cathaoirleach, áfach, iarradh ar an bPríomhchigire breis ama a chur ar fáil. Breithneoidh an Príomhchigire ar iarratais mar seo tar éis dó/di dul i gcomhairle leis an bPríomhchigire Cúnta don réigiún.

Aguisín 1: Foirm Dhearbhaithe Fíricí na Tuairisce Cigireachta

Cigireacht scoile

Ainm na scoile:	
Seoladh na scoile:	
Uimhir rolla na scoile:	
Cineál cigireachta:	<i>Mar shampla: meastóireacht scoile uile, cigireacht ábhair, cigireacht theagmhasach, cigireacht leantach, 7rl</i>
Dáta eisithe na tuairisce cigireachta	

Earráidí fíorasacha sa tuairisc

Úsáid an spás thíos, le do thoil, chun aird na Cigireachta a dhíriú ar aon earráid fhíorasach a thugann tú faoi deara sa dhréacht-tuairisc a eisíodh don scoil. Is féidir, más fearr leat, na sonraí a sholáthar ar leathanach eile agus an leathanach sin a cheangailt leis an bhfoirm.

Leathanach	Earráidí

Síniú

Príomhoide	<i>Ainm i gcló:</i>
	<i>Síniú:</i>
	<i>Dáta:</i>

Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta	<i>Ainm i gcló:</i>
	<i>Síniú:</i>
	<i>Dáta:</i>

Ní mór don phríomhoide nó do chathaoirleach bhord bainistíochta na scoile an fhoirm seo a shíniú. I gcás scoile atá ag feidhmiú faoi choimirce Bord Oideachais agus Oiliúna, ní mór don phríomhoide nó do chathaoirleach an bhoird bhainistíochta i gcomhairle le Príomhoifigeach an Bhoird Oideachais agus Oiliúna, an fhoirm seo a chomhlánú. Ní mór an fhoirm a chur ar ais chuig Rúnaíocht na Cigireachta laistigh de chúig lá scoile ó dháta eisithe na dréacht-tuairisce.

Aguisín 2: Foirm Fhreagartha Scoile na Tuairisce Cigireachta

Cigireacht scoile

Ainm na scoile:	
Seoladh na scoile:	
Uimhir rolla na scoile:	
Cineál cigireachta:	<i>Mar shampla: meastóireacht scoile uile, cigireacht ábhair, cigireacht theagmhasach, cigireacht leantach, 7rl</i>
Dáta eisithe na tuairisce cigireachta deiridh	

Roghnaigh rogha A, nó B, nó C, le do thoil

ROGHA A	Glacann an bord leis an tuairisc mar an tuairisc dheiridh chigireachta atá le foilsiú agus ní mian leis freagairt go foirmiúil don tuairisc	
----------------	---	--

ROGHA B	Glacann an bord leis an tuairisc mar an tuairisc dheiridh chigireachta atá le foilsiú agus is mian leis freagairt go foirmiúil don tuairisc Tá freagra an bhoird curtha isteach thíos.	
----------------	--	--

ROGHA C	Ní ghlacann an bord leis an tuairisc mar an tuairisc dheiridh chigireachta atá le foilsiú agus tá sé ag déanamh iarratais i gcomhair athbhreithnithe ar an gcigireacht faoi Nós Imeachta Athbhreithnithe do Chigireacht ar Scoileanna agus ar Mhúinteoirí de réir Alt 13 (9) den Acht Oideachais 1998. Beidh iarratas i scríbhinn á chur isteach/tá iarratas i scríbhinn curtha isteach ar athbhreithniú chuig Oifig an Phríomh-Chigire.	
----------------	--	--

Freagra na scoile: Cuid A

Déan trácht, le do thoil, ar ábhar na tuairisce cigireachta (tuairim is 100-150 focal)

--

Freagra na scoile: Cuid B

Léirigh na bearta atá curtha i gcrích ag an scoil nó atá fúithi a chur i gcrích chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí sa tuairisc (tuairim is 350-400 focal)

Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta	<i>Ainm i gcló:</i>
	<i>Síniú:</i>
	<i>Dáta:</i>

Ní mór do chathaoirleach bhord bainistíochta na scoile an fhoirm seo a shíniú. I gcás scoile atá ag feidhmiú faoi choimirce Bord Oideachais agus Oiliúna, ní mór don phríomhoide nó do chathaoirleach an bhoird bhainistíochta i gcomhairle le Príomhoifigeach an Bhoird Oideachais agus Oiliúna, an fhoirm seo a chomhlánú. Ní mór an fhoirm a chur ar ais chuig Rúnaíocht na Cigireachta laistigh de dheich lá scoile ó dháta eisithe na tuairisce deiridh.